

Aistear

Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework



Treoir úsáide

© CNCM 2009

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2.
www.ncca.ie




Clár

Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige	4
Céard é Aistear agus cad chuige é?	4
Céard é Aistear?	4
Conas atá na téamaí struchtúrtha?	5
Conas a chuirtear na téamaí i láthair?	6
Conas atá na treoirlínte struchtúrtha?	6
An bhfuil téarmaí tábhachtacha áirithe in Aistear is gá a bheith ar eolas?	6
Cén áit a bhfaighinn tuilleadh eolais ar an taighde a thacaíonn le Aistear?	6
Cén pháirt a bhí ag earnáil na luath-óige i bhforbairt Aistear?	7
An raibh leanaí páirteach i bhforbairt Aistear?	7
Cén t-eolas agus cad iad na meonta, na scileanna agus na cumais a chuideoidh liom Aistear a úsáid?	7
Aistear a nascadh le forbairtí eile	8
An féidir Aistear a úsáid le hábhair churaclaim eile?	9
An féidir Aistear a úsáid le <i>Curaclam na Bunscoile</i> ?	9
An féidir Aistear agus <i>Síolta</i> a úsáid i dteannta a chéile?	9
An bhfuil gaol idir Aistear agus na Rialacháin leasaithe um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (2006)?	9
Cén gaol atá idir Aistear agus an <i>Workforce Development Plan</i> ?	9
Ag baint úsáide as Aistear i roinnt cineálacha éagsúla suíomhanna	11
Conas is féidir leis an bpleanáil cuidiú liom Aistear a úsáid?	12
Cad is plean fadtéarmach ann?	13
Cad is plean meántéarmach ann?	13
Cad is plean gearrthéarmach ann?	13
Cad is Plean Oideachais don Dalta Aonair ann?	13
Cad is plean laethúil nó gníomhaíochta ann?	14
Pleananna samplacha	14
Plean samplach 1: Plean laethúil Feighlí Linbh	15
Plean samplach 2: Plean gníomhaíochta le haghaidh suíomh lánaimseartha cúraim lae	16
Plean samplach 3a: Plean laethúil le haghaidh bunscoile	17
Plean samplach 3b: Plean oideachais don dalta aonair	18
Plean samplach 4: Plean gníomhaíochta do sheisiún naíonra	22
Conclúid	22
Aguisín 1	24
Táblaí	
Tábla 1: Prionsabail is bonn le Aistear, Curaclam na Bunscoile agus Síolta	10
Fíoracha	
Fíor 1: Cur síos ar fhoghlaím agus ar fhorbairt leanaí trí mheán téamaí	5
Fíor 2: Aistear ag tacú le forbairtí eile	8



Aistear: Creadchuraclam na Luath-Óige

Is cloch mhíle spreagúil in oideachas agus cúram na luath-óige in Éirinn é *Aistear: Creadchuraclam na Luath-Óige*. Tógann Aistear ar an iliomad tacaí agus forbairtí eile le haghaidh leanaí faoi bhun aois a sé (féach Aguisín 1). Cuirtear síos sa treoir úsáide seo ar ábhar Aistear agus ar an gcaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as an ábhar sin chun eispéiris foghlama shaibhre a sholáthar do leanaí. Freagraíonn an treoir freisin ceisteanna coitianta faoi Aistear agus tugann roinnt smaointe faoin gcaoi le do chuid oibre a phleanáil agus tú ag baint úsáide as *Aistear*, *Siolta*, agus *Curaclam na Bunscoile*.



Céard é Aistear agus cad chuige é?

Is é *Aistear* **creadchuraclam** na hÉireann le haghaidh leanaí ó **0-6 bliana d'aois**. Sa chreadchuraclam seo tá eolas le haghaidh tuismitheoirí agus cleachtóirí a chuideoidh leo agus iad ag pleanáil le go mbeadh eispéiris dhúshlánacha thaitneamhacha ag leanaí agus ag soláthar na n-eispéireas sin, ionas go mbeidh leanaí ábalta fás agus forbairt ina bhfoghlaiméirí inniúla muiníneacha i gcomhthéacs caidrimh ghrámhara le daoine eile. Cuireann *Aistear* síos ar **chineálacha foghlama agus forbartha** atá tábhachtach do leanaí ina luathbhlianta, agus tairgeann **smaointe agus moltaí** faoin gcaoi leis an bhfoghlaim agus an fhorbairt sin a chothú.


Féadfar *Aistear* a úsáid i réimse suíomhanna, lena n-áirítear bailte na leanaí, suíomhanna cúraim leanaí, creiseanna, grúpaí súgartha, réamhscoileanna, naíonraí, agus ranganna na naíonán i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

Céard é Aistear?

Tá *Aistear* bunaithe ar 12 de phrionsabail leathana na luath-óige. Cuirtear gach prionsabal i láthair ag baint úsáide as ráiteas gearr teoiriciúil, a ndéantar é a shainmhíniú ó dhearcadh an linbh.

Baineann Aistear úsáid as ceithre théama a nascann le téamaí eile agus a thrasnaíonn a chéile, agus imlíníonn na téamaí sin forbairt agus foghlaim leanaí. Seo a leanas na téamaí:

- *Folláine agus Leas*
- *Féiniúlacht agus Muintearas*
- *Cumarsáid*
- *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*.



Cuireann na treoirínte tacaíocht ar fáil i ndáil le prionsabail agus téamaí *Aistear* a úsáid i do chuid oibre le leanaí. Cuireann na treoirínte síos ar an dea-chleachtas sna nithe seo a leanas:


- comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí
- foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí
- foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha
- tacú le foghlaim agus forbairt trí mheasúnú.



Conas atá na téamaí struchtúrtha?

I ngach téama tá *aidhmeanna agus spriocanna foghlama* leathana le haghaidh leanaí idir 0-6 bliana d'aois (féach Fíor 1). Sna haidhmeanna agus spriocanna tugtar breac-chuntas ar mheonta, ar dhearcadh agus luachanna, scileanna agus ar thuiscint a chothaíonn an duine fásta d'fhonn cuidiú le leanaí dul i mbun na foghlama agus na forbartha.

Fíor 1: Cur síos ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí trí mheán téamaí



Tá sraith *deiseanna foghlama samplacha* i ngach téama. Tugann na deiseanna foghlama sin smaointe faoi chineálacha éagsúla eispéireas a d'fhéadfaí a sholáthar do leanaí chun cuidiú leo foghlaim agus forbairt ar fud aithmeanna agus spriocanna foghlama *Aistear*. Mar sin is **moltaí** iad na deiseanna foghlama samplacha. Is féidir iad a chur in oiriúint agus iad a fhairsingiú ionas go mbeidh siad oiriúnach do na leanaí i do shuíomh.

Cuirtear na deiseanna foghlama samplacha i láthair le haghaidh trí aoisghrúpa a thrasnaíonn a chéile:

- leanaí óga: 0 - 18 mí d'aois
- mamailínigh: 12 mhí go dtí 3 bliana d'aois
- leanaí: 2½ go 6 bliana d'aois.



Is féidir roinnt de na deiseanna foghlama samplacha molta a chur in oiriúint le húsáid leis na trí aoisghrúpa, fad is atá cinn eile níos oiriúnaí d'aoisghrúpa ar leith nó do chéim forbartha ar leith. Chomh maith leis sin tá roinnt deiseanna níos oiriúnaí do leanaí sa bhaile nó i suíomh feighlíochta linbh, fad is atá cinn eile níos úsáidí le húsáid i ngrúpa nó ar scoil.

Conas a chuirtear na téamaí i láthair?

Tá na téamaí dathchódaithe:

- Úsáidtear **CORCRA** le haghaidh an téama *Folláine agus Leas*
- Úsáidtear **DEARG** le haghaidh an téama *Féiniúlacht agus Muintearas*
- Úsáidtear **BUÍ** le haghaidh an téama *Cumarsáid*
- Úsáidtear **GLAS** le haghaidh an téama *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*.

Conas atá na treoirlínte struchtúrtha?

I ngach sraith treoirlínte cuirtear síos ar an dea-chleachtas agus áirítear *eispéiris foghlama* agus ceisteanna atá ina n-ábhar machnaimh. Is éard atá sna heispéiris foghlama ná cuntais shonracha ar fhoghlaím leanaí trí ghníomhaíochtaí nó imeachtaí áirithe, i gcomhar le leanaí agus daoine fásta eile, ag baint úsáide as míreanna, frapaí súgartha nó ábhair ar leith. Cuireann siad síos ar na nithe a deir leanaí, na nithe a dhéanann siad agus na nithe a chruthaíonn siad agus iad i mbun na ngníomhaíochtaí nó na n-imeachtaí sin. Chomh maith leis sin léiríonn siad an ról tábhachtach atá ag daoine fásta i dtacú le foghlaim agus forbairt leanaí agus i bhfairsingiú na foghlama agus na forbartha sin. Áiríonn roinnt de na heispéiris sin míltriú agus/nó mífhuaimniú a léiríonn iarrachtaí na leanaí bheith ag litriú agus ag fuaimniú. Cuirtear san áireamh idir lúibíní an litriú ceart chun a shoiléiriú céard a deir nó a scríobhann na leanaí. Sa leagan Béarla de *Aistear* i gcás ina gcuirtear síos ar eispéireas i suíomh lán-Ghaeilge aistríodh an t-eispéireas foghlama go Gaeilge agus tá sé ar fáil sa téacs roimh an leagan Béarla. I gcás roinnt mhaith de na heispéiris foghlama tá tuairimí agus/nó comhráite gearra idir daoine fásta agus leanaí agus idir leanaí agus leanaí. Baineann *Aistear* úsáid as dhá chlófhoireann éagsúla i séadghlas, chun béim a leagan ar thuairimí/ráitis na leanaí agus na ndaoine fásta. Féadfar na heispéiris foghlama ar an DD agus ar líne a chuardach trí thagairt a dhéanamh dóibh seo a leanas:

- aoisghrúpa (leanaí óga, mamailínigh, leanaí)
- cineál suímh (baile, feighlíocht linbh, cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha, seisiún naíonra, rang na naíonán i mbunscoil)
- téama (*Folláine agus Leas*, *Féiniúlacht agus Muintearas*, *Cumarsáid*, *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*).

Cosúil leis na ceithre théama, tá na heispéiris foghlama sna treoirlínte dathchódaithe chun an téama áirithe i gceist a léiriú.

An bhfuil téarmaí tábhachtacha áirithe in *Aistear* is gá a bheith ar eolas?

In *Aistear* baintear úsáid as an téarma *tuismitheoirí* chun tagairt do phríomhchúramóirí agus príomhoideachasóirí an linbh. Áiríonn sé seo athair agus máthair an linbh agus/nó caomhnóirí an linbh. Tagraíonn an téarma *cleachtóir* do gach duine atá ag obair ar bhealach speisialaithe le leanaí i suíomhanna luath-óige. Áiríonn sé feighlithe linbh agus múinteoirí i ranganna na naíonán i mbunscoileanna. Tagraíonn an téarma *duine fásta* do thuismitheoirí agus do chleachtóirí araon. Ag amanna, ámh, féadfaidh roinnt eolais a bheith níos iomchuí don chleachtóir ná mar a bheadh sé do thuismitheoirí.


Sna *heispéiris foghlama* baintear úsáid as téarmaí amhail feighlí linbh, stiúrthóir naíonra agus múinteoir chun cineálacha éagsúla suíomhanna a léiriú ina dtarlaíonn na heispéiris. Chomh maith leis sin sna heispéiris foghlama baintear úsáid as téarmaí cosúil le mamaí, daidí, mamó, agus daideo chun léiriú a thabhairt ar na hainmneacha a úsáideann leanaí le haghaidh a dtuismitheoirí agus a seantuismitheoirí.

Cén áit a bhfaighinn tuilleadh eolais ar an taighde a thacaíonn le *Aistear*?

Rinne an CNCM athbhreithniú ar an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta nuair a bhí *Aistear* á fhorbairt. Fuarthas eolas luachmhar freisin ó eispéiris churaclaím ó thíortha eile, go háirithe ón Nua-Shéalainn, ón tSualainn agus ó Albain. Cuirtear formhór an taighde a úsáideadh chun *Aistear* a fhorbairt i láthair i gceithre pháipéar ar féidir iad a íoslódáil ó www.ncca.ie/luathoige. Seo a leanas na páipéir sin:

- Perspectives on the relationship between education and care (Hayes, 2007)
- Children's early learning and development (French, 2007)
- Play as a context for early learning and development (Kernan, 2007)
- Supporting early learning and development through formative assessment (Dunphy, 2008).

Chomh maith leis sin is féidir achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí ó na páipéir sin a íoslódáil ón suíomh gréasáin, agus ar an DD.



Cén pháirt a bhí ag earnáil na luath-óige i bhforbairt *Aistear*?

Is toradh é *Aistear* ar chomhpháirtíocht idir an CNCM, leanaí, cleachtóirí, tuismitheoirí, institiúidí oiliúna agus oideachais, agus gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus ranna rialtais iomchuí. Sa bhliain 2004 tar éis fhoilsiú an doiciméid *I dTreo Chreata don Luathfhoghlaim*, d'eagraigh an CNCM próiseas fairsing comhairliúcháin. Tá torthaí an chomhairliúcháin ar fáil sa doiciméad, Final Consultation Report (2005) atá ar shuíomh gréasáin an CNCM ag www.ncca.ie/luathoige. Bhí ionchur díreach ag an aiseolas seo i gceapadh *Aistear*. Tar éis an chomhairliúcháin, chuir an earnáil le forbairt leanúnach *Aistear* trí choistí, seimineáir agus cruinnithe.

An raibh leanaí páirteach i bhforbairt *Aistear*?

Bhí. Bhí páirt ag leanaí go háirithe i bhforbairt *Aistear* trí staidéar a rinneadh dar teideal *Listening for Children's Stories: Children as partners in the Framework for Early Learning*. Rinneadh an staidéar sa bhliain 2006 agus tá sé ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin an CNCM, www.ncca.ie/luathoige. Rinneadh an staidéar i measc 12 leanbh i 11 shuíomh ar fud na tíre. Chuidigh na príomhtheachtaireachtaí ón staidéar leis an CNCM creat a fhorbairt a léiríonn eispéiris leanaí, tuismitheoirí agus cleachtóirí in Éirinn agus tacú leis na heispéiris sin. Bhí leanaí páirteach freisin trí roinnt mhaith eispéireas foghlama, grianghraf agus samplaí oibre tríd síos *Aistear*.

Cén t-eolas agus cad iad na meonta, na scileanna agus na cumais a chuideoidh liom *Aistear* a úsáid?

Eolas

- Beidh an duine fásta ar an eolas faoi leanaí agus faoin gcaoi a bhfoghlaímíonn agus a bhforbraíonn said
- Beidh an duine fásta ar an eolas faoi mheasúnú agus faoi fhorbairt curaclaím
- Beidh aithne mhaith ag an duine fásta ar leanaí ina suíomhanna agus bainfidh sé/sí úsáid as téamaí, aidhmeanna agus spriocanna foghlama *Aistear* chun eispéiris iomchuí a phleanáil dóibh
- Smaoineoidh an duine fásta ar a (h)oideolaíocht
- Glacfaidh an duine fásta páirt go rialta san fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil
- Beidh an duine fásta in iúl ar na rialacháin agus forbairtí iomchuí a théann i bhfeidhm ar an gcleachtas, mar shampla, *Síolta* (An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige, 2006) agus na *Rialacháin Réamhscoile* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2006).

Meonta, scileanna agus cumais

- Feidhmeoidh an duine fásta ar mhaithe le leanaí agus beidh sé/sí soiléir faoina ról ina bhfoghlaím agus a bhforbairt
- Cuideoidh an duine fásta le leanaí páirt ghníomhach a ghlacadh ina bhfoghlaím agus a bhforbairt, beidh meas aige/aici ar na nithe is rogha leis na leanaí, agus cuideoidh leo bheith páirteach i gcinntí a théann i bhfeidhm orthu
- Comhoibreoidh an duine fásta agus comhroinnfidh sé/sí eolas le daoine eile a bhfuil ról acu i saol na leanaí, lena n-áirítear tuismitheoirí, gníomhaireachtaí seachtracha agus gairmithe eile
- Cuirfidh an duine fásta chun cinn an comhionannas agus urramóidh sé/sí éagsúlachtaí
- Cuardóidh an duine fásta eolas agus cúnamh ó sheirbhísí speisialaithe más iomchuí
- Bainfidh an duine fásta fóir as smaointe nua le haghaidh an dea-chleachtais
- Beidh scileanna maithe briathartha agus neamhbhriathartha ag an duine fásta agus beidh sé/sí ábalta éisteacht agus breathnú
- Beidh an duine fásta fáilteach, cairdiúil agus beidh féith an ghrinn aige/aici
- Beidh an duine fásta in iúl ar a láidreachtaí, fad is a admhóidh sé/sí an t-eolas agus na scileanna ar ghá iad a fhorbairt.

Aistear a nascadh le forbairtí eile

Déanann *Aistear* comhlánú ar fhorbairtí eile in oideachas na luath-óige agus tacaíonn leo (féach Fíor 2). Mar shampla, tá roinnt mhaith gnéithe comhchoiteanna in *Aistear*, *Siolta* (2006) agus *Curaclam na Bunscoile* (1999) ach cuireann gach ceann díobh ar bhealach ar leith le cáilíocht na n-eispéireas ag leanaí le linn na luath-óige.

Fíor 2: *Aistear* ag tacú le forbairtí eile



An féidir Aistear a úsáid le hábhair churaclaim eile?

Dearadh *Aistear* le go n-oibreodh sé leis an iliomad ábhar curaclaim eile atá in úsáid i suíomhanna na luath-óige. Trí spriocanna foghlama leathana *Aistear* a úsáid is féidir cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi is fearr do churaclam reatha a chur in oiriúint ionas go mbeidh an fhoghlaím níos taitneamhaí le haghaidh leanaí a bhfuil tú ag obair leo. A luaithe is a thosóidh tú ag baint úsáide as *Aistear* cuideoidh sé leat leanúnachas níos fearr a bhaint amach i bhfoghlaim agus forbairt leanaí, go háirithe de réir mar a aistríonn siad ó shuíomhanna baile, agus mar a ghluaiseann siad ar aghaidh chuig an mbunscoil.

An féidir Aistear a úsáid le Curaclam na Bunscoile?

Tá roinnt mhaith prionsabal comhchosúil mar bhonn is mar thaca le *Aistear* agus le *Curaclam na Bunscoile* (féach Tábla 1). Léiríonn ceithre théama idirnasctha *Aistear* an chaoi a bhfuil an próiseas luathfhoghlaím ina próiseas imeasctha agus léiríonn siad réimsí agus ábhair an churaclaim i *gCuraclam na Bunscoile*, a leagann béim ar foghlaim a imeascadh, go háirithe le haghaidh leanaí óga.

Léiríonn *Aistear* roinnt de na forbairtí is déanaí sa tuiscint ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn leanaí le linn na luath-óige. I measc na bhforbairtí sin tá an chothromaíocht idir gníomhaíochtaí atá treoraithe ag an duine fásta agus gníomhaíochtaí atá treoraithe ag an leanbh. Leagann *Aistear* béim freisin ar an súgradh mar bhealach tábhachtach ina bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn leanaí ó 0-6 bliana d'aois. Is féidir le *Aistear* cuidiú leat mar mhúinteoir an súgradh agus an fhoghlaím ghníomhach a chur ag croílár Churaclaim na Naíonáin. Is féidir leis cuidiú leat freisin le modhanna éagsúla measúnaithe (féach na treoirlínte, *Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe*). Comhlánaíonn siad seo an doiciméad, *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* (CNCM, 2007). Féach an doiciméad, *Audit of Aistear: the Early Childhood Curriculum Framework and the Primary School Curriculum* ar shuíomh gréasáin an CNCM le haghaidh eolais níos sonraí i leith na naisc idir *Aistear* agus *Curaclam na Bunscoile*.

An féidir Aistear agus Síolta a úsáid i dteannta a chéile?

Is féidir. Tá prionsabail chomhchosúla ag *Aistear* agus *Síolta*, mar atá léirithe i dTábla 1, ar leathanach 10. Fós féin, tá cuspóirí éagsúla ag an dá chreat. Tacaíonn *Síolta* le feabhas a chur ar gach gné den chleachtas sa luath-óige, ach díríonn *Aistear* go sonrach ar fheabhas a chur ar luathfhoghlaím agus luathfhorbairt an linbh. Cé gur féidir *Síolta* agus *Aistear* a úsáid ar leithligh óna chéile, tá roinnt mhaith buntáistí le baint as iad a úsáid lena chéile. Mar shampla d'fhéadfaí *Aistear* a úsáid chun cuidiú leat do chleachtas a fhorbairt i roinnt mhaith de chaighdeáin *Síolta* amhail curaclam, timpeallachtaí, comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus teaghlaigh, idirghníomhaíochtaí, súgradh agus féiniúlacht agus muintearas. Breathnaigh ar roinnt pleananna samplacha ar leathanaigh 15 go 22 le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcaoi ar féidir leat úsáid a bhaint as an dá chreat lena chéile. Féach an doiciméad, *Audit of Aistear: the Early Childhood Curriculum Framework and Síolta: The National Quality Framework for Early Childhood Education* ar shuíomh gréasáin an CNCM le haghaidh eolais níos sonraí i ndáil leis na naisc idir *Aistear* agus *Síolta*.

An bhfuil gaol idir Aistear agus na Rialacháin leasaithe um Chúram Leanai (Seirbhísí Réamhscoile) (2007)?

Tá. Cuideoidh *Aistear* leat na rialacháin leasaithe um chúram leanai a chomhlíonadh. Mar shampla leagtar béim i Rialachán 5 ar éascú a dhéanamh ar fhoghlaím, ar fhorbairt agus ar fholláine agus leas an linbh trí dheiseanna foghlama iomchuí a sholáthar. Cuideoidh *Aistear* leat iad seo a sholáthar do leanai.

Cén gaol atá idir Aistear agus an Workforce Development Plan?

Tá an Workforce Development Plan le haghaidh earnáil na luath-óige á fhorbairt faoi láthair ag Oifig an Aire Leanai agus Gnóthaí Óige. Díreoidh an plean ar chlár oideachais agus oiliúna le haghaidh cleachtóirí. Leagann *Aistear* béim ar an tábhacht atá le go mbeadh duine fásta oile ag obair le leanai ó 0-6 bliana d'aois. Ar an gcaoi seo beidh an Workforce Development Plan ina thaca tábhachtach duitse i d'obair le *Aistear*.

Tábla 1: Prionsabail is bonn le *Aistear*, *Curacclam na Bunscoile* agus *Síolta*

<i>Aistear</i>	<i>Curacclam na Bunscoile</i>	<i>Síolta</i>
Comhionannas agus éagsúlacht	Ag cur difríochtaí aonair san áireamh	- Comhionannas - Ilíocht
- Caidrimh - Ról an duine fhásta	- Ag foghlaim trí ghníomhaíocht agus fhionnachtain faoi threoir - Ag foghlaim go comhoibritheach	- Caidrimh - Ról an duine fásta - Obair foirne
Tuismitheoirí, teaghlach agus pobal	Ag cur difríochtaí aonair san áireamh	Tuismitheoirí
Uathúlacht an linbh	- Uathúlacht an pháiste - Tuiscint an pháiste don iontas agus a f(h)iosracht nádúrtha - Eolas agus taithí an pháiste mar bhonn foghlama - Ag cur difríochtaí aonair san áireamh	Fiúntas na Luath-Óige
Leanaí ina saoránaigh	Ag cur difríochtaí aonair san áireamh	Páistí ar dtús
Súgradh agus taithí phraiticiúil	- Ag foghlaim trí ghníomhaíocht agus fhionnachtain faoi threoir - Foghlaim ar bhonn an imshaoil	Súgradh
An timpeallacht foghlama	Foghlaim ar bhonn an imshaoil	Timpeallachtaí
Cumarsáid agus teanga	Ag foghlaim trí theanga	
Foghlaim iomlánaíoch agus forbairt	- Forbairt acmhainn iomlán an pháiste a chinntiú - Comhtháthú na foghlama - Traschur na foghlkama - An diminsiú aeistéitiúil - Diminsiúin shóisialta agus mhothúchána na foghlama - Mianach forásach na foghlama - Smaointeoireacht agus fadhbréiteach ard-oird	- Leas - Páistí ar dtús - Oideolaíocht
Foghlaim ghníomhach	- An páiste mar fheidhmeannach gníomhach ina c(h)uid foghlama féin - Ag foghlaim go comhoibritheach - Smaointeoireacht agus fadhbréiteach ard-oird	- Páistí ar dtús - Oideolaíocht - Súgradh
Taithí iomchuí, shuntasach	- Tá an measúnú fíorthábhachtach sa phróiseas teagaisc agus foghlama. - Eolas agus taithí an pháiste mar bhonn foghlama.	Oideolaíocht

(Cuirtear i láthair roinnt prionsabal i *gCuracclam na Bunscoile* agus *Síolta* cúpla uair sa mhéid go bhfuil gaol atá le níos mó ná prionsabal amháin in *Aistear*).

Ag baint úsáide as *Aistear* i roinnt cineálacha éagsúla suíomhanna

Anseo thíos tá roinnt ceisteanna agus freagraí orthu a léiríonn an chaoi ar féidir leat úsáid a bhaint as *Aistear* i réimse suíomhanna luath-óige in Éirinn agus le leanaí d'aoiseanna éagsúla.

Mar thuismitheoir cá bhfaighinn smaointe in *Aistear* le haghaidh nithe spraíúla a d'fhéadfainn a dhéanamh le mo chailín beag sé mhí d'aois le cuidiú léi lena foghlaim agus forbairt?

Tá liosta de dheiseanna foghlama samplacha le haghaidh leanaí óga ó 0-18mí d'aois le fáil i ngach ceann de cheithre théama *Aistear*. Is féidir leat iad a chur in oiriúint do do leanbh féin, agus d'fhéadfadh seo cuidiú leat teacht ar smaointe eile as do stuaim féin. Tar éis an tsaoil, is agatsa is fearr a bhfuil aithne ar do leanbh. Tá roinnt smaointe úsáideacha freisin sna treoirlínte le haghaidh an tsúgartha. De réir mar a théann do leanbh in aois, is féidir leat dul ar aghaidh chuig na rannóga in *Aistear* le haghaidh mamailíneach agus leanaí óga.

Tá mamailíneach bríomhar agam agus ba mhaith liom a fháil amach céard is féidir linn a dhéanamh le chéile a chuideoidh leis a bheith níos neamhspleáiche. Chomh maith leis sin teastaíonn uaim cuidiú leis lena urlabhra. An bhfuil aon rud in *Aistear* a chuideodh liom leis sin?

Tá eolas úsáideach sna téamaí *Folláine agus Leas* agus *Cumarsáid*. Cuireann na deiseanna foghlama samplacha raidhse smaointe ar fáil chun é a spreagadh le nithe a dhéanamh as a stuaim féin. Sa téama *Cumarsáid* tá a lán eolais faoi a scileanna teanga a fhorbairt. Breathnaigh ar an gcuid faoi shúgradh le haghaidh roinnt eolais ar na hacmhainní súgartha agus cineálacha éagsúla súgartha chun tacú le foghlaim agus forbairt. Ná déan dearmad labhairt le feighlí do linbh, le foireann na creise, agus le d'altra sláinte poiblí i gcás ina bhfuil aon chúiseanna imní agat.

Táim ag obair i gcreis le grúpa leanaí atá dhá bhliain d'aois. Conas a chuideoidh *Aistear* liom i mo chuid oibre?

Is féidir le *Aistear* cuidiú leat ar bhealaí éagsúla. Ar an gcéad dul síos, breathnaigh ar na ceithre théama agus feicfidh tú conas iad a úsáid chun gníomhaíochtaí a phleanáil le haghaidh mamailíneach. Is féidir leat úsáid a bhaint as treoirlínte *Aistear* chun d'obair le thuismitheoirí a fhairsingiú agus chun réimse straitéisí idirghníomhaíochta a fhorbairt ar féidir leat iad a úsáid. Cuideoidh an rannóg ar mheasúnú leat a fheiceáil conas atá foghlaim an mhamailínigh ag dul chun cinn agus cuideoidh seo leat pleanáil don fhoghlaim amach anseo. Ná déan dearmad do smaointe a roinnt le thuismitheoirí agus insint dóibh faoi *Aistear* ionas gur féidir leo siúd é a úsáid freisin.

Is feighlí linbh mé agus tugaim aire do thríúr leanaí ó naoi mí go cúig bliana d'aois. Cad atá in *Aistear* a d'fhéadfainn a úsáid?

Bheadh na téamaí, na treoirlínte maidir le súgradh agus na treoirlínte maidir le comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir thuismitheoirí agus cleachtóirí go háirithe úsáideach duitse. I gcás ina bhfuil roinnt leanaí a dtugann tú aire dóibh ag freastal ar réamhscoil nó ar bhunscoil chomh maith, d'fhéadfadh a gcleachtóirí a bheith ag úsáid *Aistear* freisin. Labhair leis na thuismitheoirí agus féach an féidir leat tacú leis an méid atá ar siúl ag na leanaí sa suíomh sin agus sa bhaile agus i suíomhanna eile lasmuigh den bhaile a bhfreastalaíonn siad orthu agus tóg orthusan.

Is múinteoir rang na naíonán sóisearach mé agus tá 28 leanbh i mo rang. Tuigim go dtugann *Aistear* tús áite don súgradh mar mheán foghlama. I bhfianaise an chóimheasa dalta le múinteoir agus an easpa spáis agus trealaimh conas is féidir liom súgradh a chomhshnaidhmeadh leis na obair a bhíonn ar siúl againn sa seomra ranga?

Mar is eol duit, tá súgradh ar cheann de na príomhbhealaí ina bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn leanaí. Mar mhúinteoir, is féidir leat bheith cruthaitheach sa chaoi a gcomhshnaidhmfidh tú an súgradh leis an obair sa seomra ranga. Seo thíos roinnt smaointe a d'fhéadfadh cabhrú leat.

Ar an gcéad dul síos, breathnaigh ar leagan amach do sheomra ranga. An bhféadfá líon níos lú bord a bheith ann nó an bhféadfá iad a atheagrú i spás níos lú? Seachas cófraí agus seilfeanna a bheith go plánach i gcoinne an bhalla d'fhéadfá iad a thiontú ina roinnteoirí chun spásanna beaga ar thoise oiriúnach do leanaí a chruthú ionas gur féidir leo súgradh ar an urlár? Is féidir leis difríocht mhór a dhéanamh fiú má shaorann tú píosa beag spáis ó thaobh deiseanna súgartha de. Ar smaoinigh tú ar roinnt de na gníomhaíochtaí a bhogadh amach sa chlós? Bíonn an súgradh samhlaíoch agus gníomhaíochtaí tógála fiú níos taitneamhaí nuair a dhéantar iad lasmuigh.

Féadfaidh acmhainní súgartha a bheith costasach, mar sin déan iad a chnádadh i gcaitheamh roinnt blianta. Idir an dá linn, tá roghanna eile ann: Is bloic thógála den scoth iad boscaí bróg; is féidir drámh-ealaín chruthaitheach ag baint úsáide as ábhair in-athchúrsáilte a bhailiú ó thuismitheoirí agus is breá le leanaí iad; d'fhéadfadh thuismitheoirí sean-fholcadh bábóige a dheonú nó fiú tráidire gainimh?; d'fhéadfá an súgradh samhlaíoch a bheith san áireamh sa chúinne le nithe a dheonaigh thuismitheoirí. Tá liosta d'acmhainní súgartha in *Aistear* sna treoirlínte, *Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha*, a thabharfadh roinnt smaointe duit.

Bíonn sé úsáideach d'eagrú do sheomra ranga go mbeadh uainchlár laethúil ann a áireodh gníomhaíochtaí cosúil le súgradh samhlaíoch, súgradh le figiúir bheaga bhréige, tógáil, agus súgradh le hábhair (gainimh, uisce agus taos súgartha). Smaoinigh ar na leanaí a roinnt i gcúig ghrúpa. Bogfaidh na grúpaí ó ghníomhaíocht amháin chuig an gcéad ghníomhaíocht eile ar gach lá éagsúil. Ná déan dearmad cúpla nóiméad a thabhairt do gach grúpa gach lá chun pleanáil le chéile sula dtosóidh siad ag súgradh; cothóidh sé seo na scileanna sóisialta agus na meonta foghlama. A luaithe is a bheidh an súgradh thart, bheadh sé úsáideach na leanaí a chur ag obair i mbeirteanna agus/nó i ngrúpaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid súgartha. Má úsáideann tú uainchlár mar bhealach le heagrú a dhéanamh ar do ghníomhaíochtaí súgartha cuideoidh sé freisin leat an timpeallacht súgartha a phleanáil chun teacht le d'aithmeanna agus do spriocanna foghlama, agus obair le snáitheanna agus le snáithaonaid.

Tá súgradh ina bhealach le 'nithe a dhéanamh' agus a fhoghlaim. Féadfar úsáid a bhaint as súgradh le linn an lae chun an curaclam a fheidhmiú. Mar shampla is féidir leat úsáid a bhaint as rólghlacadh le haghaidh *Folláine agus Leas* agus *OSPS*, nó dráma a dhéanamh as scéal le haghaidh *Cumarsáid*, *Drámaíocht*, *Stair* agus *Béarla* nó gníomhaíochtaí tógála a eagrú le haghaidh *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, *Mata*, *Tíreolaíocht* agus *Eolaíocht*. Uaireanta tógann an súgradh am agus dua, agus seans go mbeadh ionadh ort a mhéid is féidir leis a bheith ina ghnáthbhealach tacú le seomra ranga na naíonán – agus bainfidh na leanaí an-taitneamh as!


Oibrím i scoil ina bhfuil leanaí faoi mhíchumais throma agus faoi mhíchumas foghlama ghinearálta throma. An bhfuil aon rud in *Aistear* le haghaidh na leanaí a mbím ag obair leo?

Ceapadh *Aistear* le haghaidh leanaí suas go dtí sé bliana d'aois agus leanaí le riachtanais speisialta oideachais san áireamh. Chomh maith leis na *Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama* (CNCM, 2007) tá a lán nithe úsáideacha in *Aistear*, go háirithe na treoirlínte maidir le súgradh agus measúnú. Tá sampla de Phlean Oideachais don Dalta Aonair (PODA) san áireamh freisin ar leathanach 19 a d'fhéadfadh bheith úsáideach duit. D'fhéadfá cúnamh a fháil freisin ón tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (www.sess.ie).

Conas is féidir leis an bpleanáil cuidiú liom *Aistear* a úsáid?

Is féidir leis an bpleanáil mhaith cuidiú leat *Aistear*, *Síolta*, na *Rialacháin um Chúram Leanaí* (*Seirbhísí Réamhscoile*), Curaclam na Bunscoile, agus an reachtaíocht iomchuí a chur i bhfeidhm. Tá an phleanáil tábhachtach agus caithfear am a chur ar leataobh le go dtiocfadh an fhoireann go léir lena chéile chun pleanáil agus measúnú a dhéanamh. Caithfear am a thabhairt don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) chomh maith.

Is próiseas leanúnach timthriallach an phleanáil. Is éard atá i gceist léi ná smaoineamh ar a bhfuil á eagrú agus ar an gcaoi leis sin a dhéanamh, ar conas atá an t-eagrú ag tarlú agus ar cathain a tharlóidh sé. Cuirfidh an phleanáil mhaith leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt atá déanta ag leanaí roimhe seo, agus freastalóidh sí ar éagsúlachtaí indibhidiúla. Sa phleanáil mhaith áirítear cothromaíocht a bhaint amach ar fud cheithre théama *Aistear* agus deiseanna foghlama a sholáthar do thimpeallachtaí laistigh agus lasmuigh araon. Tá sé i gceist sa phleanáil go ndéanfaí eagrú ar dhaoine, ar ábhair, ar acmhainní agus ar threalamh, agus go ndéanfaí imeachtaí a eagrú agus a amú – amhail turais agus féilte. Cuidíonn an phleanáil leat na hacmhainní a aithint a bhfuil gá leo agus eascróidh idirghabhálacha agus cláir thacaíochta aisti más gá. Trí athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna go rialta beidh tú in ann a fheiceáil cé chomh maith is atá an curaclam á eagrú, cad iad na hathruithe agus/nó codanna nua is gá a chur i bhfeidhm, agus cén chaoi a bhfuil an córas foriomlán ag tacú le foghlaim agus forbairt gach linbh. Déanfaidh tú pleanáil ar bhonn rialta agus áireofar gnéithe ó phleananna roimhe seo a thaitin leis na leanaí, nó a mheas tú féin a bheadh tábhachtach, sa phlean nua.



Bíonn pleananna maithe solúbtha, chun spéiseanna agus freagraí na leanaí a chur san áireamh le caitheamh ama. Tógann an cineál seo pleanála am agus eascraíonn sí as aithne mhaith a bheith agat ar na leanaí – a spéiseanna, a riachtanais, a gcultúir, a gcúlraí, agus a gcumais. Tá eolas measúnaithe, mar sin, ag croílár na pleanála. Má chuireann tú leanaí san áireamh sa phróiseas pleanála go háirithe i pleananna gearrthéarmacha laethúla agus gníomhaíochta féadfaidh na heispéiris ón gcuraclam a bheith níos suntasaí dóibh.

De ghnáth déantar pleanáil a eagrú thar trí amscála éagsúla – fadtéarmach, meántéarmach agus gearrthéarmach – agus iad uile nasctha lena chéile nó ag leanúint óna chéile. Uaireanta is féidir plean a dhréachtú le haghaidh gníomhaíochta nó lae áirithe ag brath ar an suíomh. Déanfaidh gach cineál suímh pleananna a fhorbairt a léireoidh éiteas an tsuímh, aoiseanna na leanaí, na hacmhainní atá ar fáil, an reachtaíocht iomchuí, agus ceanglais pholasaí.

Cad is plean fadtéarmach ann?

Breathnaíonn pleananna fadtéarmacha ar an bpictiúr mór agus tugann siad breac-chuntas ar na haidhmeanna agus cuspóirí foriomlána le haghaidh na foghlama agus na forbartha thar thréimhse fhada. De ghnáth déanfaidh tú plean fadtéarmach a dhréachtú agus cuideoidh sé seo leat féachaint chuige go mbeidh curaclam leathan saibhir á thairiscint agat do na leanaí. Cuireann an plean fadtéarmach cuspóir agus treo ar fáil sa churaclam atá á thairiscint do na leanaí, agus léiríonn sé an dul chun cinn le caitheamh ama.



Cad is plean meántéarmach ann?

Diríonn pleananna meántéarmacha ar théarma nó ar mhí. Leagtar amach sna pleananna seo na spriocanna le haghaidh tréimhse shocraithe ama agus tugann cuntas leathan ar ghníomhaíochtaí, fad is atá siad solúbtha go leor d'fhonn smaoine agus spéiseanna leanaí a chur i gcuntas. Treoraíonn measúnuithe, chomh maith le cumarsáid agus comhairliúchán leanúnach leis an bhfoireann, le tuismitheoirí agus le leanaí, forbairt na bpleananna meántéarmacha.

Cad is plean gearrthéarmach ann?

Tugann pleananna gearrthéarmacha cuntas ar na heispéiris atá le heagrú do leanaí le haghaidh seachtaine nó coicíse. Tá siad níos sonraí ná na pleananna meántéarmacha agus fadtéarmacha. Féadfaidh pleananna gearrthéarmacha aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus spéiseanna leanaí. Má éistear lena bhfuil le rá ag leanaí agus má chuirtear é sin san áireamh is féidir iad a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha sa phróiseas pleanála. Is féidir pleananna gearrthéarmacha a úsáid chun aird a dhíriú ar leanaí áirithe a mbeadh tacaíocht bhreise uathu. Is féidir leat, agus pleananna gearrthéarmacha á bpleanáil agat, cinneadh ar na hacmhainní is gá, conas an timpeallacht súgartha a athrú agus a oiriúnú, cén t-am den lá a tharlóidh gníomhaíochtaí ar leith, cé bheidh ann agus cén ról a bheidh aige/aici, agus conas a dhéanfar measúnú ar an bhfoghlaim.

Go hidéalach, déanfar Plean Oideachais don Dalta Aonair (PODA) a cheapadh le haghaidh gach linbh, cé nach bhfuil sé i gcónaí indéanta, go háirithe i gcás ina bhfuil cóimheasa arda duine fásta le leanbh ann. Tá sé tábhachtach, ámh, spéiseanna an linbh indibhidiúil a chur san áireamh i bplean gearrthéarmach a ceapadh don ghrúpa iomlán.

Cad is Plean Oideachais don Dalta Aonair ann?

Nuair a chuirfear i bhfeidhm an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (ODRSO) (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2004), caithfear Pleananna Oideachais don Dalta Aonair (PODA) a cheapadh le haghaidh gach linbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici. Is éard atá sa PODA ná ráiteas scríofa ag cur síos ar riachtanais linbh agus ar an gclár oideachais a ceapadh chun freastal ar na riachtanais sin. An PODA is fearr ná ceann atá dírithe ar chaidrimh mhaithe idir teaghlaigh agus gairmithe agus a spreagann na caidrimh sin. I gcás ina bhfuil leanbh ag freastal ar shuíomh luath-óige, cothóidh cleachtóirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) dlúthchaidreamh leis an leanbh. Trí mheán an mheasúnaithe déanfaidh sé/sí doiciméadú ar láidreachtaí, laigí agus mianta an linbh chomh maith leis na nithe nach maith leis/léi. Tá an t-eolas seo rithábachtach chun cuspóirí gearrthéarmacha agus spriocanna bliantúla araon a phleanáil don leanbh. Is féidir iad seo a leabú i ngníomhaíochtaí laethúla an chlár ghinearálta laistigh den suíomh nó trí idirghabháil speisialaithe a ndéanann foireann luath-idirghabhála an linbh cur síos agus seachadadh uirthi. D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta treoirlínte maidir le PODA a fhorbairt. Tá na treoirlínte seo ar fáil ag www.ncse.ie. Tá PODA samplach san áireamh i bPlean Samplach 3b.

Cad is plean laethúil nó gníomhaíochta ann?

Déanfaidh cleachtóirí pleananna laethúla nó pleananna gníomhaíochta a cheapadh chun treoirt céim ar chéim a sholáthar den méid atá le tarlú i lá nó i ngníomhaíocht ar leith. Leagfar amach sa phlean gníomhaíochtaí éagsúla atá ar fáil don leanbh laistigh agus lasmuigh, chomh maith leis na hacmhainní agus an t-am atá curtha ar leataobh le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla. Cuideoidh an plean leat acmhainní a eagrú duit féin agus do na leanaí, ionas gur féidir na haidhmeanna agus na spriocanna iomchuí in *Aistear* a bhaint amach.

Pleananna samplacha

Áirítear anseo roinnt pleananna laethúla agus gníomhaíochta samplacha chun cuidiú leat *Aistear* a úsáid. Is é is cuspóir dóibh ná tacú leis an bplé in bhur measc agus i measc comhghleacaithe maidir leis an gcaoi a bhféadfaí tús a chur le húsáid *Aistear* chun lá nó gníomhaíocht a eagrú le leanaí sa suíomh.

Ceapadh na pleananna samplacha le haghaidh ceithre chineál suímh atá comhchosúil leis na suíomhanna a úsáidtear in *Síolta* (2006). Áirítear plean samplach dóibh seo a leanas

- suíomhanna feighlíochta linbh
- suíomhanna lánaimseartha agus páirtaimseartha cúraim lae
- ranganna na naíonán
- seisiúin naíonraí.

Úsáidtear na litreacha A agus SF sna pleananna samplacha nuair atáthar ag tagairt d'aidhmeanna (A) agus spriocanna foghlama (SF) *Aistear*.



Plean samplach 1: Plean laethúil Feighlí Linbh

Aoisghrúpa: Leanaí óga

Tá aithne an-mhaith ag Margaret ar an mbeirt leanaí óga a dtugann sí aire dóibh. Tá gnáthamh an-solúbtha aici a úsáideann sí gach lá le Ali (11 mhí d'aois) agus Conor (17 mí d'aois). Áiríonn an gnáthamh seo bia a thabhairt dóibh, am codlata, clúidín a athrú, agus réimse gníomhaíochtaí spráíula laistigh agus lasmuigh. Baineann Margaret úsáid as gnáthaimh chúraim chun idirghníomhú leis na leanaí ar bhealach spráíuil. Tá sí in iúl ar a spéiseanna agus a riachtanais agus déanann sí gníomhaíochtaí áirithe a phleanáil a thuigeann sí a mbainfidh siad taitneamh astu. Tugann sí aire dóibh agus tacaíonn lena bhfoghlaim trí ghníomhaíochtaí agus eispéiris shuimiúla dhúshlánacha a sholáthar dóibh. Míníonn sí rudaí dóibh agus bíonn na leanaí le Margaret agus breathnaíonn siad uirthi agus í i mbun na jabanna laethúla sa teach, cosúil le cócaireacht, folúsghlantóireacht, níochán agus siopadóireacht. Scríobhann Margaret plean solúbtha le haghaidh gach lae agus líonann sí a dialann laethúil freisin chun a mhíniú do thuismitheoirí Ali agus Conor cad a bhí ar siúl acu. Glacann Margaret a lán grianghraf freisin de na leanaí chun cuidiú na heispéiris a thaifeadadh. Taispeánann sí iad do thuismitheoirí na leanaí. Tá sampla de phlean laethúil Déardaoin anseo thíos.

Dáta: Aibreán 7 ^ú Plean Laethúil le haghaidh Ali agus Conor		
Am ¹	Gníomhaíochtaí	Aidhmeanna agus spriocanna foghlama Aistear
8.30 go 9.00	Leanaí ag teacht agus ag socrú istach.	Folláine agus Leas – (A 1, SF 2, 3)
9.00 go 9.30	Bricfeasta.	Folláine agus Leas – (A 2, SF 6)
9.30 go 10.00	Súgradh leis an gciseán draíochta.	Taiscéaladh agus Smaointeoireacht (A 1, SF 1, 2, 4) Cumarsáid (A 1, SF 1)
10.00 go 10.30	Ullmhú le haghaidh an ghrúpa do Mhamailínigh agus Tuismitheoirí.	
10.30 go 12.30	Ag an ngrúpa M&T súgradh le cairde agus bualadh leo.	Féiniúlacht agus Muintearas (A 2, SF 1,4,5)
12.30 go 1.30	Dul abhaile, lón, ullmhú le haghaidh codlata.	Folláine agus Leas – (A 2, SF 6)
1.30 go 3.00	Codladh.	
3.00 go 3.30	Léigh scéal nó déan gníomhaíochtaí ciúine.	Folláine agus Leas (A 1, SF 1, 2)
3.30 go 4.30	Téigh ag siúl nó déan gníomhaíochtaí lasmuigh (súgradh sa tráidire gainimh, dul ar bhréagáin le rothaí).	Folláine agus Leas (A 2, SF 1, 2)
4.30 go 5.15	Gníomhaíochtaí súgartha lena n-áirítear rannnta agus súgradh samhlaíoch le foireann taighréithe bhréige.	Cumarsáid (A 3, SF 1, 2, 3, 4)
5.15 go 5.45	Ullmhú le dul abhaile.	
Acmhainní	Báisín uisce, nithe chun uisce a dhoirteadh, ciseán draíochta, carranna tarracóirí, foireann taighréithe, bosca cairtchláir, leabhair.	
Measúnú	Breathnaigh ar Ali ag an gciseán draíochta agus glac nótaí, líon na dialanna laethúla.	
Comhpháirtíocht le thuismitheoirí eile	Seol cóip den dialann abhaile, taispeáin don dá theaghlach tuismitheoirí na grianghraif den turas le déanaí sa choill agus ansin cuir iad sna fillteáin oibre.	
Naisc le <i>Síolta</i>	Caidgheáin: 3: Tuismitheoirí agus teaghlaigh (Comhpháirteanna 3.1, 3.2, 3.3); 16: Rannpháirteachas an phobail (Comhpháirteanna 16.2, 16.3, 16.4)	
Straitéisí idirghníomhaíochta	Idirghníomhú, plé agus cumarsáid le leanaí eile, treorú, lipéadú, cur síos agus míniú na foghlama, eiseamláirí, bearta agus iompair a dhearbhu	
Gníomhaíochtaí breise	Tabhair isteach rann nua, nó déan tuilleadh gníomhaíochtaí lasmuigh.	

¹ Níl i ngach am a luaitear ach meastachán agus tá sé solúbtha agus leanfaidh sé riachtanais agus spéiseanna na leanaí.

**Plean samplach 2: Plean gníomhaíochta le haghaidh suíomh lánaimseartha cúraim lae****Aoisghrúpa: Mamailínigh**

Bhí ochtar leanaí idir 24 agus 36 mí i seomra na mamailíneach i gCreis Chnoc na Spideoige. Bíonn cruinnithe pleanála míosúla ag foireann na creise. De ghnáth réachtálann siad na cruinnithe sin i rith an tráthnóna ar an Déardaoin deireanach de gach mí nuair atá roinnt mhaith de na leanaí ina gcodladh. Freastalaíonn gach ceannaire seomra, roinnt cúntóirí seomra agus an bainisteoir ar na cruinnithe seo. Déanann siad athbhreithniú ar na pleananna gearrthéarmacha le haghaidh na gceithre seachtaine roimh ré. Déanann an fhoireann i ngach seomra pleananna gearrthéarmacha a cheapadh ar bhonn seachtainiúil. Teastaíonn uathu forbairt iomlánaíoch a chothú i measc leanaí agus déanann siad iarracht a chinntiú go léireoidh na pleananna sin spéiseanna, riachtanais, cúlraí, cultúir agus cumais gach linbh i seomra na mamailíneach. Uaireanta ceapann siad plean le haghaidh gníomhaíochta ar leith a dteastaíonn uathu go bhfaighidh na leanaí taithí uirthi. Cúpla seachtain ó shin cheannaigh siad cuisneoir nua, agus ar cheann de na gníomhaíochtaí bhí péint a chur ar an mbosca folamh ina raibh an cuisneoir. Chruthaigh na leanaí tollán as seo agus chuir braillín os a chionn chun pluais a chruthú dóibh féin. Bhain na leanaí an-taitneamh as seo agus bheartaigh an fhoireann an phluais a bhogadh lasmuigh mar gur breá leis na leanaí gníomhaíochtaí a dhéanamh lasmuigh. An lá úd ba thollán ceoil é, agus bhí uirlisí ceoil ann a rinne na leanaí an lá roimh ré. Tá sé beartaithe ag an bhfoireann roinnt ama duine le duine a chaitheamh leis na leanaí sa tollán.

Dáta agus am: Meitheamh 8	Grúpa leanaí: Mamailínigh
Cleachtóirí	Alison Quinlan agus Rachel Walsh
Gníomhaíocht	Tollán ceoil le nithe a dhéanann fuaimeanna ar an urlár, ar an tsiléáil agus feadh na dtaobhanna. Na leanaí a spreagadh le hiniúchadh a dhéanamh ar an tollán agus ar uirlisí a dhéanann fuaimeanna agus labhairt leo faoi na nithe seo.
Am	11.30 go 12.30
Téamaí, aidhmeanna agus spriocanna foghlama	<i>Cumarsáid</i> (A 1, SF 1, 2), <i>Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht</i> (A 1, SF 1, 4)
Grúpáil	Obair le leanaí aonair nó beirteanna.
Acmhainní	Tollán cairtchláir, míreanna éagsúla a dhéanann ceol agus fuaim (crothla, cloigíní, uirlisí ceoil ceannaithe nó déanta sa bhaile, micreafón bréige).
Stór focal	Fuaimeanna, glórach, ciúin, ag bualadh, ag croitheadh, ag éisteacht, ceol, fuaim ghéar.
Measúnú	Seisiún taifeadta go digiteach le Leah. Féach tuairimí na leanaí i leith na bhfuaimeanna.
Comhpháirtíocht le tuismitheoirí	Cuir ceist ar dhaid Kevin teacht isteach lá éigin lena ghiotár.
Naisc le <i>Síolta</i>	Caighdeán: 2: Timpeallachtaí (Comhpháirteanna 2.1, 2.2, 2.3, 2.4, 2.5, 2.6, 2.7) 5: Idirghníomhartha (Comhpháirteanna 5.1, 5.2, 5.4)
Straitéisí Idirghníomhaíochta	Dul i gcomhairle, i gcomhráite agus i gcumarsáid le páistí, machnamh a dhéanamh leo d'fhonn teacht ar thuiscint agus ar mhíniú, tacú le comhpháirtíocht agus foghlaim, an timpeallacht foghlama a struchtúrú, cuidiú le smaointeoireacht páistí
Gníomhaíochtaí breise	Taifead ar leanaí ag seinm uirlisí ceoil i dteannta buille láidir i gceol taifeadta. Le linn amanna suaimhnis na leanaí, dírig a n-aird ar na fuaimeanna a chloiseann siad – an clog ag ticeáil, buille an chroí, fuaim an tráichta ag dul thar bráid lasmuigh.



Plean samplach 3a: Plean laethúil le haghaidh bunscoile

Aoisghrúpa: Leanaí

I Scoil Phádraig, múineann Iníon Sheehan 12 naíonán sóisearach agus 10 naíonán sinsearach. Cuidíonn sí le gach leanbh barr a c(h)umais a bhaint amach, Brian san áireamh a bhfuil Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde (NHEA) air chomh maith le Diospraicse agus moill sa chaint. Tá Brian sna naíonáin shóisearacha agus ceapadh PODA dó (féach plean Samplach 3b). Scríobh Iníon Sheehan nóta ina leith seo ina pleananna laethúla.

Tá an timpeallacht theagascach súgartha rithábachtach do mhúinteoireacht Iníon Sheehan. Tá sé beartaithe aici úsáid a bhaint as an bplean scoile, as *Curaclam na Bunscoile*, as *Aistear*, agus as riachtanais agus spéiseanna na leanaí sa rang. Chomh maith lena plean gearrthéarmach coicísiúil bíonn sé cuidiúil d'Iníon Sheehan plean laethúil a cheapadh. Tá sampla de seo léirithe thíos. De réir mar a theagascann sí, déanann Iníon Sheehan idirdhealú de réir riachtanais na naíonán sóisearach agus sinsearach. Is don dá rang na gníomhaíochtaí mura sonraítear a mhalairt.

An tseachtain roimh ré thug rang Iníon Sheehan cuairt ar fheirm oscailte. De ghnáth bíonn turas chuig an zú san áireamh i dturas na naíonán sóisearach. I mí an Mhárta, ámh, thug na leanaí isteach roinnt grianghraf de thuras chuig feirm agus d'éirigh an rang chomh sceitimíneach agus chuir siad an oiread sin ceisteanna faoin saol ar an bhfeirm gur labhair Iníon Sheehan leis an bpríomhoide faoi chuairt a thabhairt ar fheirm in ionad zú. Ar an Aoine, 7 Bealtaine, thug na leanaí cuairt ar fheirm oscailte Uí Bhriain. Tharla go raibh an tréidlia áitiúil ann an lá úd ag tabhairt aire do chaorach thinn. Le seachtain anuas bunaíodh roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí a rinneadh ar chur leis an méid a d'fhoghlaim na leanaí ar an turas sin.

Dáta: Bealtaine 15 ^ú		Rang: Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearach ²
Am	Gníomhaíochtaí	Snáitheanna/Snáithaonaid ó <i>Churaclam na Bunscoile</i> (CB) nasctha le haidhmeanna/spriocanna foghlama <i>Aistear</i> (mar atá sonraithe cheana féin sa phlean gearrthéarmach)
9.20 go 10.20	Ciorcal de ghníomhaíochtaí súgartha 1. rólghlacadh tréidlia, 2. Súgradh le figiúir bheaga, 3. Spás don tógáil, 4. Súgradh le hábhair - gaineamh, uisce, taos súgartha (Sóis. agus Sins.)	CB ³ - OSPS. Snáithe: Mise agus an domhan mór. SA ⁴ : Ag forbairt saoránachta. Drámaíocht. Snáithe: Drámaíocht: mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh. SA: Iniúchadh agus déanamh drámaíochta, Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta, <i>Aistear</i> - Féiniúlacht agus Muintearas (A 2, SF 2, 5, 6), agus <i>Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht</i> (A 1, SF 1, 2, 5, 6)
10.20 go 11.00	Teanga: Béarla Léigh scéal os ard faoi thréidlia agus faoi chógais. Féach ar chógais le haghaidh ainmhithe agus labhair fúthu (Sóis. agus Sins.). Eiseamláirigh ceann a scríobh. Tabhair an deis do na leanaí a gceann féin a scríobh. Scríobh focal ó liosta a pléadh atá ar an gclár bán (Sóis.). Áirigh sonraí de chineál ainmhí ar dó an cógas, agus cá mhéad de atá le tógáil ag an ainmhí, (Sins.).	CB - Teanga: Béarla. Snáithe: Receptiveness to language. SA: Reading: developing concepts of language and print, Writing: creating and fostering the impulse to write. (Féach OSPS roimhe seo). <i>Aistear</i> - Cumarsáid (A 1, SF 3, 4; A 3, SF 2, 3, 4) agus <i>Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht</i> (A 3, SF 2, 3)
11.00 go 11.10	Sos Beag	

² Seasann Sóis. do naíonáin shóisearacha, agus Sins. do naíonáin shinsearach. Tacaíonn roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag Iníon Sheehan a dhéanamh le himeascadh ar fud *Churaclam na Bunscoile* agus *Aistear*.

³ Seasann CB do *Churaclam na Bunscoile*.

⁴ Seasann SA do Shnáithaonad



Dáta: Bealtaine 15 ^ú		Rang: Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha ²	
11.10 go 11.45	Gníomhaíochtaí Matamaitice Aicmiú, meaitseáil agus sraitheanna a chruthú (Sóis.); ainmhithe a chomhaireamh, toisí a chur i gcomparáid, meáchan, dath agus sainghnéithe ainmhithe éagsúla (Sins.)	CB – Matamaitic. Snáithe: Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla, SA: Rangú, Meaitseáil Comparáid a dhéanamh, cur in ord. Snáithe: Uimhreas, SA: Comhaireamh, Comparáid agus ordú, Anailís uimhris. Snáithe: Tomhais, SA: Fad, Meáchan, Aistear – Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht (A 3, SF 1, 2, 3, 5) agus Cumarsáid (A 1, SF 5)	
11.45 go 12.30	Gníomhaíocht fhisiceach Spreag na leanaí, Brian san áireamh, le bheith ag ligean orthu gur capaill iad agus iad ag dul suas, síos, isteach agus amach i gciorcal. Iarr orthu rith, sodar, dul ar cheantar agus ar chosa in airde i sealanna, (Sóis. agus Sins).	CB – Corpoideachas. Snáithe: Lúthchleasaíocht, SA: Rith, Léim. Snáithe: Gleacaíocht, SA: Gluaiseacht. Snáithe: Cluichí, SA: Seoladh, gabháil, taisteal, Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta, SA: Siúl. Aistear – Folláine agus Leas (A 2, SF 1, 2)	
12.30 go 1.00	Sos lóin	CB – Teanga: Gaeilge. Snáithe: Éisteacht, SA: Ag tuiscint teanga. Snáithe: Labhairt, SA: Ag úsáid teanga. Aistear,	
1.00 go 1.30	Teanga: Gaeilge <i>Old McDonald</i> as Gaeilge chun ainmneacha na n-ainmhithe a mhúineadh do leanaí, agus chun athdhaingniú a dhéanamh ar ainmneacha na ndathanna agus na n-uimhreacha suas go dtí 5, úsáid a bhaint as na puipéid ranga chun cuairt a thabhairt ar an bhfeirm (Sóis. agus Sins.).	Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht (A 3, SF 2, 3, 5), Cumarsáid (A 3, SF 3, 6)	
1.30 go 2.00	OSCE Bain úsáid as dhá shraith de ghrianghraif den saol ar an bhfeirm ar an gclár bán idirghníomhúcháin chun nithe a chur i gcomparáid lena chéile (grianghraif de chuairt na leanaí chomh maith le seanghrianghraif de bha á gcrú de láimh, capaill ag treabhadh srl.) (Sóis. agus Sins.).	CB – Tíreolaíocht: Snáithe: Imshaoil dhaonna, SA: Ag maireachtáil sa phobal áitiúil, Daoine agus áiteanna i gceantair eile CB – Stair: Snáithe: Scéalaíocht, SA: Scéalta (S) CB – Eolaíocht: Snáithe: Dúile Beo, SA: Plandaí agus ainmhithe Aistear – Féiniúlacht agus Muintearas (A 2, SF 5), Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht (A 1, SF 1, 2, 5).	
Meabhrúcháin	Cuir Brian agus Emer le chéile don chiorcal de ghníomhaíochtaí súgartha, cuir an stór focal i láthair le linn an rólghlactha.		
Acmhainní	‘Na gnáthrudaí’ móide bindealáin, cógais, soithigh fholmha do bhia madra/cait, cineálacha éagsúla ainmhithe.		
Measúnú	Glac grianghraif de ghníomhaíocht rólghlactha, iarr ar na leanaí plé a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu faoi thréidlianna agus faoi chógais.		
Tuismitheoirí	Léirigh ‘cógais’ agus roinnt grianghraf de shúgradh samhlaíoch tréidlia ar bhalla an halla. Tabhair cuireadh do dhaid Yvonne teacht isteach – is altra tréidlia é.		
Naisc le <i>Siolta</i>	Caighdeáin: 6: Súgradh (Comhpháirteanna 6.1, 6.2, 6.3, 6.4, 6.5, 6.7) 14: Féiniúlacht agus Muintearas (Comhpháirteanna 14.2, 14.3)		
Idirghníomhaíochtaí	Dul i gcomhairle, i gcomhráite agus i gcumarsáid le páistí, machnamh a dhéanamh leo d’fhonn teacht ar thuiscint agus ar mhíniú, eiseamláiriú, tacú le comhpháirtíocht agus foghlaim, páistí a ghrúpáil, pleanáil le haghaidh fhoghlaime páistí agus machnamh a dhéanamh air.		
Gníomhaíochtaí Breise	Cuidiú le leanaí an rólghlacadh tréidlia a dhéanamh trí Ghaeilge. Breathnú ar an idirlíon le haghaidh eolais/pictiúr d’ainmhithe a bhfuil spéis ag na leanaí iontu. Díriú ar fhoghlaime faoi ainmhithe d’fhonn cúis a thabhairt do Brian a chuid smaointe a roinnt le linn am OSPS.		

**Plean samplach 3b: Plean oideachais don dalta aonair**

Ceapadh an Plean Oideachais seo chun tacú le foghlaim agus forbairt do linbh. Tá sé ann le húsáid sa bhaile agus ar scoil araon. Is doiciméad feidhmiúil é agus is féidir é a athrú. Níl sna spriocanna sonracha le haghaidh do linbh a sainathnítear anseo ach cuid bheag den fhorbairt fhoriomlán, ach is cuid spriocdhírthe í.

Ainm: Brian Doyle	D.B.: 12/08/03
Tuismitheoirí: Tom agus Josephine Doyle	Aois faoi láthair: 5
Address: 22 Old Church Road, Mount St. Andrews, Dublin	Teileafón: 01 - 81458899
Scoil: Scoil Phádraig, Scoil Náisiúnta	Rang: Naíonáin Shóisearacha
Príomhoide: Patricia O Dowd	
Múinteoir Ranga: Iníon Sheehan	
Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne: Jill Grey	
Síceolaí: John Kiely, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	
Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSO): Joan Boland	
Cúntóir Riachtanas Speisialta (CRS): Sally Finn	
Teiripeoir Urlabhra/Teanga: Jane Byrne	
I láthair: Tom agus Josephine Doyle, Patricia O Dowd, Susan Sheehan, Jill Grey, Joan Boland, John Kiely, Sally Finn, agus Jane Byrne	
Dáta inniu: 1 Marta 2008	
Dáta tosaigh: 10 Marta 2008	
Dáta an athbhreithniúcháin: Meitheamh 2008	
Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais: Tá Brian 5 bliana d'aois agus aistríodh é ó réamhscoil chuig an scoil i mí Mheán Fómhair. Rinneadh diagnóisiú air le Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde (NHEA), díospaice agus deacrachtaí urlabhra. Tacaíonn Sally leis, cúntóir riachtanas speisialta (CRS) trí huairé an chloig in aghaidh an lae. Tá sé ar cheann de sheisear leanaí sa teaghlach agus is é Brian an ceathrú leanbh sa teaghlach.	
Tionchar na Riachtanas Speisialta Oideachais ar Fhorbairt Oideachasúil: Tá gá ag Brian go ndéanfaí an curaclam a chur in oiriúint dá fhorbairt. Tá gá aige freisin le tacaíocht chun forbairt a dhéanamh ar a chumarsáid, agus ar a scileanna fisiceacha agus saoil. Bíonn deacrachtaí aige freisin lena chomhordú. Tá achar airde an-ghearr ag Brian agus tá sé deacair air a aird a dhíriú ar thasc ar leith. Is annamh a éiríonn leis a chuid oibre a chur i gcrích.	
Dul chun cinn go dtí seo: Tá Brian socraithe isteach ina scoil nua, cé go bhfuil tacaíocht leanúnach ag teastáil uaidh. Éiríonn níos fearr leis lena chuid oibre nuair a oibríonn sé i mbeirteanna agus is breá leis bheith lasmuigh. Tá deacracht ar leith aige leis an scríbhneoireacht toisc nach bhfuil a scileanna mínluaileacha rómhaith agus toisc na moille ina chuid cainte bíonn sé níos deacra air siúd ná ar a phiaraí litreacha a fhuaimniú. Bíonn frustrachas ar leith ag baint le corpoideachas toisc go gcaithfear díriú ar scileanna a fhorbairt sa Lúthchleasaíocht, Cluichí agus Gleacaíocht cé go mbaineann sé taitneamh as gníomhaíochtaí lasmuigh agus eachtraíochta.	
Cumais, scileanna agus tallanna reatha Tá Brian gealgháireach, cairdiúil. Tá spéis ar leith aige i ngníomhaíochtaí lasmuigh agus in ainmhithe. Is maith leis ceol agus ealaín. Is maith leis éisteacht le scéalta faoi bheith duine-le-duine nuair is féidir pictiúir a fheiceáil agus frapaí a úsáid.	



Spriocanna agus straitéisí tosaíochta don tréimhse ó Mhárta go deireadh mhí an Mheithimh 2008

Sprioc Déanfaidh Brian na nithe seo a leanas	Straitéis	Duine freagrach as	Dáta an athbhreithniúcháin	Dáta bainte amach/dul chun cinn
Tosóidh sé ag díriú a airde ar feadh tréimhsí níos faide ama.	Déanfaidh Brian cleachtaí/ cluichí ar feadh cúig nóiméad gach lá chun a aird a dhíriú ar rudaí le linn a ama Teagaisc Tacaíochta Foghlama (TF)/ Acmhainne. Bainfidh Brian úsáid as orláiste uibhe le haghaidh gníomhaíochtaí scríbhneoireachta amhail dathú agus foirmiú litreacha chun cuidiú leis díriú ar thasc. Le linn tascanna a éilíonn aird ar feadh tréimhse ama tabharfar spás ciúin do Brian sa seomra ranga inar féidir leis obair a dhéanamh, leis an gcur isteach is lú agus is féidir.	Iníon Grey Cuirfidh Iníon Sheehan orláiste uibhe ar fáil agus socróidh é ag tús gach taisc ionas go bhfeicfidh Brian agus go gcloisfidh sé an méid ama atá fágtha aige. Féachfaidh Sally chuige gur bhog Brian chuig an áit seo nó suifidh sí in aice leis sa ghnátháit chun cuidiú leis a aird a dhíriú ar an tasc.		
Beidh sé níos eagraithe.	Reachtálfar amanna rialta don ghlanadh suas i rith an lae chun spásanna/boird a choinneáil néata.	Féachfaidh Iníon Sheehan chuige go mbeidh amanna rialta ann don ghlanadh suas, a chomharthófar leis an amhrán don ghlanadh suas. Déanfaidh Sally nó comhghleacaí léi cúnamh a thabhairt do Brian a chuid giuirléidí a eagrú agus glanadh suas i gcoitinne a dhéanamh.		
Tosóidh sé ag speachadh na liathróide.	Déanfaidh Brian agus Sally cleachtadh ar an liathróid a speachadh lasmuigh sa chlós ar bhonn rialta. Cuirfidh Iníon Sheehan gné éigin a bhaineann le speachadh liathróide san áireamh i gceachtanna corpoideachais ar fud na snáitheanna go léir m.sh. gluaiseachtaí sa rince a chuimsíonn speachadh.	Tabharfaidh Sally liathróid amach sa chlós ag amanna an tsosa bhig trí huaire sa tseachtain ionas gur féidir le Brian an liathróid a speachadh le dalta eile. Áireoidh Iníon Sheehan an ghné seo ina pleanáil ghearrthéarmach agus fhadtéarmach.		



Déanfaidh sé cleachtadh ar chineálacha éagsúla ceangal a oscailt agus a dhúnadh.	Bainfidh Brian úsáid as ‘frámaí ceangail’ chun cleachtadh a dhéanamh ar chnaipí, sipeanna, iallacha, crúcaí is cró agus ceangail Velcro a oscailt agus a dhúnadh.	Cuirfidh Iníon Grey roinnt ama ar fáil dhá uair sa tseachtain le linn am Brian chun an scil seo a chleachtadh. Bainfidh Sally, Iníon Sheehan agus tuismitheoirí Brian úsáid as deiseanna a thiocfaidh chun cinn le linn an lae chun cleachtadh a thabhairt do Brian ar oscailt agus dúnadh ceangal, a mhéid agus is féidir (a mhéid is indéanta).		
Foghlaimoidh sé na litreacha s, a, t, i, p, n, c, k, e, h, r, m, agus d.	Tabharfar an deis do Brian cleachtadh a dhéanamh ar chruthanna éagsúla litreacha in uisce, i ngaineamh agus i dtaos súgartha. Déanfaidh sé litreacha a rianú lena mhéar ar litreacha greanpháipéir.	Féachfaidh Iníon Sheehan chuige le linn na ngníomhaíochtaí súgartha sa chiorcal go dtacófar le Brian cruthanna éagsúla litreacha a dhéanamh san uisce, sa ghaineamh agus sa taos súgartha. Chomh maith leis sin iarrfaidh sí ar Brian litreacha a fhoirmiú san aer, agus lena mhéar ar dhroim a pháirtí le linn na seisiún fuaimnithe.		
Déanfaidh sé cleachtadh ar na fuaimeanna ‘sh’, deir sé <i>fiss</i> le haghaidh <i>fish</i>	Déanfaidh Sally cleachtadh gach maidin ar fhocail le Brian a bhfuil an deireadh ‘sh’ acu.	Sally		
Tosóidh sé ag cur in iúl a smaointe ag baint úsáide as abairtí simplí.	Cuideofar le Brian é féin a chur in iúl ag baint úsáide as an drámaíocht agus mar chuid den súgradh samhlaíoch ar fud na n-ábhar go léir. Chomh maith leis sin tabharfar an deis dó labhairt ag baint úsáide as áis urlabhra (micreafón bréige) le linn an ama chiorcail.	Déanfaidh Iníon Sheehan pleanáil ar cheachtanna drámaíochta ina mbeidh ról ag an múinteoir ionas gur féidir léi cuidiú le Brian úsáid a bhaint as an dialóg. Cuirfidh sí ceisteanna éagsúla ar leanaí i gcarachtar. Díreoidh sí ceisteanna ar Brian a éileoidh ar a laghad abairt mar fhreagra. Féachfaidh sí chuige freisin go nglacfaidh Brian páirt ag am ciorcail ar a laghad uair sa mhí mar chuid de OSPS/ <i>Folláine agus Leas</i> . Roghnóidh sí topaicí a bhfuil spéis ag Brian iontu amhail ainmhithe agus an timpeallacht lasmuigh d’fhonn cúis a thabhairt dó a chuid smaointe a chur in iúl.		

DÁTA AN ATHBHREITHNIÚCHAIN AG DEIREADH NA BLIANA: 20 MEITHEAMH 2008

Ionad: Scoil

Sínithe: _____
Tuismitheoir Múinteoir

Dáta: _____ Dáta: _____

**Plean samplach 4: Plean gníomhaíochta do sheisiún naíonra****Aoisghrúpa: Leanaí**

Tá 20 leanbh i Naíonra Chluain Mhór atá idir trí agus cúig bliana d'aois. Bíonn cruinnithe pleanála ag an bhfoireann gach coicís, gach dara Déardaoin, le haghaidh na seisiún maidine agus tráthnóna. Tá plean fadtéarmach acu a chuimsíonn an bhliain go léir agus tá pleananna téarmúla acu bunaithe, tríd is tríd, ar na séasúir. Baineann siad úsáid as aidhmeanna agus spriocanna *Aistear* chun na pleananna seo a cheapadh. Chomh maith leis sin baineann siad úsáid as eolas measúnaithe agus as comhráite neamhfhoirmiúla le tuismitheoirí agus leanaí chun na pleananna gearrthéarmacha a cheapadh. Go minic déanann siad na pleananna a cheapadh le haghaidh gníomhaíochtaí ar leith ar mhaith leo a dhéanamh leis na leanaí bunaithe ar a spéiseanna, agus tá imlíne de phlean thíos le haghaidh leabhair 'Eolas Fúmsa'. Bhí an fhoireann ag obair go dian le linn mhí Mheán Fómhair chun cuidiú le leanaí socrú isteach, agus mar chuid thábhachtach de seo chuidigh siad leis na leanaí a bhrath gur bhain siad leis an suíomh. Tá an leabhar 'Eolas Fúmsa' ina chuid thábhachtach de seo.

Dáta: 1-4 Deireadh Fómhair Am: 30 go 40 nóiméad gach lá	Gníomhaíocht: Leabhar 'Eolas fúmsa'
Cleachtóir	Diane Murphy
Gníomhaíocht	Taithí a thabhairt do na leanaí ar an ngníomhaíocht agus a mhíniú dóibh céard atá i gceist. Iarraidh ar na leanaí leabhair 'Eolas Fúmsa' a chruthú.
Am	10.30 go 11.10
Téamaí, aidhmeanna agus spriocanna foghlama	<i>Féiniúlacht agus Muintearas</i> (A1, SF 4, 5, 6), <i>Folláine agus Leas</i> (A 1, SF 1, 6)
Grúpáil	Grúpaí beaga de thriúr/ceathrar leanaí ag obair ag gach bord.
Acmhainní	Grianghraif de leanaí indibhidiúla, dá dteaghlaigh, dá bpeataí agus dá gcairde, gearrthóga as irisleabhair de bhréagáin, d'áiteanna éagsúla agus de chineálacha éagsúla bailte agus bia, samplaí dá n-obair ealaíne féin agus de dhéanamh marcanna, grianghraif de leanaí ag déanamh gníomhaíochtaí i spásanna éagsúla den seomra, gliú, pinn luaidhe, páipéar, nó leabhair ghearrthóg, criáin agus péint ar dhath craicne.
Measúnú	Cuir na nithe seo leis an bhfillteán oibre tar éis do na tuismitheoirí iad a thabhairt ar ais.
Comhpháirtíocht le tuismitheoirí	Seol na leabhair abhaile le gur féidir leis na tuismitheoirí breathnú orthu.
Naisc le <i>Síolta</i>	Caighdeán 1: Cearta an pháiste (Comhphárteanna 1.1, 1.2, 1.3), 14: Féiniúlacht agus Muintearas (Comhphárteanna 14.1, 14.2, 14.3)
Straitéisí Idirghníomhaíochta	Glacadh le leanaí agus lena dteaghlaigh agus pobail agus meas a bheith orthu, tacú le rannpháirtíocht agus foghlaim, an timpeallacht foghlama a struchtúrú.
Gníomhaíochtaí Breise	Na leabhair a phlé ag am ciorcail le linn na laethanta ina dhiaidh sin, ag labhairt faoi dhathanna éagsúla craicinn agus gruaige, faoi na nithe a thaitníonn leo agus nach dtaitníonn leo agus faoi theaghlach ar leith a bheith ag gach duine.

Conclúid

Tá an poitínseal ag *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* difríocht an-mhór a dhéanamh i luathfhoghlaim agus luathfhorbairt an linbh. Is féidir eolas ar bhonn leanúnach a fháil ar shuíomh gréasáin an CNCM www.ncca.ie/luathoige mar gheall ar *Aistear* – mar sin déan é a sheiceáil go rialta. Is féidir ríomhphost a sheoladh agus fáilte chuig earlylearning@ncca.ie má tá aon cheist eile agat faoi *Aistear*.



Aguisín 1

Forbairtí tábhachtacha polasaí i gcúram agus oideachas na luath-óige

- Daingniú na hÉireann ar *Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh* sa bhliain 1992 (Na Náisiún Aontaithe, 1989)
- *The Report of the National Forum for Early Education*, (Forum Secretariat, 1998)
- Ready to Learn, the White Paper on Early Childhood Education (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999)
- *Curaclam na Bunscoile* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999)
- *Children First* (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 1999)
- An Straitéis Náisiúnta Leanaí, *Ár Leanaí - A Saol* (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2000)
- *Ár nDualgas Cúraim* (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2002)
- *Bí ag Súgradh! An Polasaí Náisiúnta Súgartha* (Oifig Náisiúnta na Leanaí, 2004)
- *Early Childhood Care and Education Report 31* (National Economic and Social Forum, 2005)
- *Na Rialacháin um Chúram Leanaí* (Seirbhísí Réamhscoile) (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2006)
- *Síolta*, An Chreatlach Náisiúnta Cháilíochta d'Oideachas na Luath-Óige (An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige, 2006)
- *Announcement of Free Pre-school Year* (Office of the Minister for Children and Youth Affairs, 2009), luaite Iúil 17, 2009: arna rochtain ag <http://www.omc.gov.ie/documents/childcare/ecce-scheme-pack/ECCE-terms&conditions>
- *Developing the workforce in the early childhood care and education sector, Consultation document* (Office of the Minister for Children and Youth Affairs, 2009), luaite Iúil 28, 2009: arna rochtain ar www.omc.gov.ie



An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teileafón: +353 1 661 7177
Faics: +353 1 661 7180
Rphost: info@ncca.ie
Laithreán Gréasáin: www.ncca.ie

Tá an CNCM fíorbhuíoch de na páistí a thug cead dúinn a gcuid oibre
agus/nó a gcuid griangraf a fhoilsiú sa cháipéis seo.

Ghlac na páistí páirt sa phróiseas seo le caoinchead óna dtuismitheoirí.